

# Torthaí Taighde ar Champa Samhradh Mhaigh Cuilinn

Conradh na Gaeilge

## Torthaí taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil

Siobhán Nic Fhlannchadha, PhD

Iúil 2016-2017

## Clár


Réamhrá ... 2

- Cur chuige an taighde ... 2
- Faoin údar ... 2
- Buíochas ... 2

Cúlra Champa Samhradh Mhaigh Cuilinn ... 3

- Curaclam ... 3
- Leanúnachas ... 3
- Córas cúntóirí ... 3
- Polasaí Gaeilge ... 4
- Polasaí Smachta ... 4
- Méadú ar uimhreacha an Champa ... 4
- Córas cigireachta ... 4
- Tacaíocht mhaoinithe ... 5

Cuid 1 Taighde cainníochtúil ... 6

- Próifíl na páistí a fhreastalaíonn ar an gCampa Samhradh ... 6
- Tuairimí tuismitheoirí faoin gCampa Samhradh ... 8

Cuid 2 Taighde cáilíochtúil ... 12

- Taitneamh agus tairbhe ... 12
- Láidreachtaí ... 12
- Laigí ... 14
- Athruithe ... 14

Achoimre ... 15

Moltaí ... 16

- Aguisín 1: Ceistneoir faoi Champa Samhradh Mhaigh Cuilinn ... 17
- Aguisín 2: Ceisteanna don agallamh ... 19

## Réamhrá

### Cur chuige an taighde

Tógadh faoin taighde seo chun tuairisc chruinn a fháil ar éifeacht Champa Samhraidh Mhaigh Cuilinn. Bhí Conradh na Gaeilge den tuairim go raibh dea-éifeacht agus dea-cháil ar an gCampa Samhradh; tá an campa ar an bhfód le breis is 30 bliain, bíonn an campa lán bliain roimh ré, bíonn an-rath ar an gCampa ó thaobh uimhreacha de (le 10 mbliain anuas ach go háirithe), agus bíonn an t-aiseolas óna tuismitheoirí agus páistí thar a bheith dearfach. É sin ráite, go dtí seo is aiseolas cáilíochtúil don chuid is mó a bhí ann. Bhí an fhoireann bainistíochta den tuairim go mbeadh luach ag baint le níos mó a fhoghlaim faoi láidreachtaí agus laigí an champa de réir réimse páirtí leasmhara. Theastaigh uaidh Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil a bhailiú i dtaobh an chaoi a dtéann an campa i bhfeidhm ar na páistí a bhfreastalaíonn ar an gcampa. Theastaigh uathu freisin níos mó a fhoghlaim faoin tionchar atá ag an gcampa ar dhearcadh an pháiste agus an tuismitheora i leith na Gaeilge.

Socróidh eolas cainníochtúil a bhailiú óna tuismitheoirí agus óna páistí. Bailíodh an t-eolas cainníochtúil go h-anaithnid trí cheistneoir (féach Aguisín 1) a chur abhaile le gach páiste, i dteannta bileog eolais agus foirm cheadúnais. Is iad na múinteoirí ar an gcampa a scaip na ceistneoirí ag deireadh an chéad seachtain ar an gcampa. B’éigean don tuismitheoir an bhileog eolais a léamh, ach toisc go raibh an t-eolas uilig á bhailiú i mbealach anaithnid, ní raibh gá dóibh an fhoirm a shíniú. Glacadh le rannpháirtíocht mar cheadúnas, mar sin ní raibh gá le haon tuismitheoir iad féin nó a p(h)áiste a ainmniú. Bhain cuid de na ceisteanna le tuairimí an tuismitheora, agus i roinnt cásanna, iarradh ar an tuismitheoir freagra an pháiste a lorg agus a thaifead. Is rannpháirtíocht dheonach a bhí i gceist agus níor cuireadh brú ar aon tuismitheoir an ceistneoir a líonadh. Bailíodh na ceistneoirí líonta ag deireadh an campa.

Bailíodh eolas cáilíochtúil ón bhfoireann mhúinteoireachta, óna cúntóirí agus ón mbainistíocht. Is rannpháirtíocht dheonach a bhí anseo chomh maith agus thoil na baill fhoirne páirt a ghlacadh. Cuireadh agallamh aonair ar bheirt de na cúntóirí agus ar thriúr mhúinteoir, ag baint úsáide as an liosta ceisteanna céanna i ngach agallamh (féach Aguisín 2). Cuireadh gach agallamh i gcríoch an tseachtain i ndiaidh don champa críochú. D’fhreagair duine den fhoireann bainistíochta na ceisteanna céanna i scríbhinn tréimhse níos déanaí. Ar mhaithe le neamhainmníocht, ní luaitear aon duine aonair de réir a ról sa champa.

### Faoin údar

Is taighdeoir comhairleach í an Dr. Siobhán Nic Fhlannchadha. Fuair sí a céim dhochtúireachta sa tsíceolaíocht ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i 2016. Bhí a taighde bunaithe ar shealbhú na Gaeilge i measc páistí sa Ghaeltacht agus scrúdaigh sí éifeacht an cúlra teanga sa bhaile agus ar scoil, ach go háirithe, ar shealbhú comhréir mhoirfeolaíochta na Gaeilge. Is taighdeoir lánaimseartha anois í leis an Irish Universities Association i mBaile Átha Cliath. Rugadh agus tógadh í i Maigh Cuilinn, agus is iardhalta, iarchuntóir agus iarmhúinteoir í ar an gCampa Samhradh. Tá sí gaolta le bainisteoir an campa.

### Buíochas

Ba mhaith leis an údar buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí, páistí, múinteoirí, cúntóirí agus baill bhainistíochta uilig a ghlac páirt sa taighde seo.

## Cúlra Champa Samhradh Mhaigh Cuilinn

Bunaíodh Campa Samhraidh Mhaigh Cuilinn sa bhliain 1979 leis an sprioc shimplí an Ghaeilge a chur chun cinn san aoisghrúpa 9 – 14 bliana d'aois. Eagraíodh an chéad champa i mí Iúil na bliana sin agus tá an campa ag cloí lena dátaí sin ó shin. Freastalaíonn an campa ar pháistí scoile óna bunscoileanna ar fad i Maigh Cuilinn, ach is beag bliain nach mbíonn páistí ó lasmuigh den cheantar ag glacadh páirte freisin.

Cuireadh tús leis an gcampa ag am go raibh Maigh Cuilinn fós ina cheantar tuaithe agus roimh na forbairtí móra atá tarlaithe ó shin, ach go háirithe an pléascadh mór sa daonra. Ag an tús tréimhse bhí idir 40 – 60 páiste ar an mheán ag freastal ar an gcampa agus is múinteoirí amháin a bhí ag plé le cúrsaí teagaisc, ní raibh córas cúntóirí i gceist.

Nuair a bunaíodh an campa is dóigh go raibh sé ar an gcéad champa samhraidh (in aon teanga) a eagraíodh i Maigh Cuilinn don aoisghrúpa seo. Ní hionann leis an lá atá inniu ann ina bhfuil rogha ag páistí freastal ar bhreis agus 20 campa éagsúil, idir ceantar Mhaigh Cuilinn féin agus campaí i gcathair na Gaillimhe a dhéanann freastal ar an gceantar chomh maith.

**Curaclam**

Ó thús an campa bhí béim ar éagsúlacht ábhar, idir réimse leathan spóirt, ealaíon, ceardaíocht agus turas. Bíonn béim ach go háirithe ar chúrsaí drámaíochta agus ar na seónna beaga a bhíonn mar chuid den cheolchoirm a eagraítear do thuismitheoirí na bpáistí. Bíonn ranganna neamhfhoirmiúil eagraithe ina gcuirtear béim ar mhúineadh téarmaíocht do na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl mar chuid den champa. San áireamh sna ranganna bíonn tráth na gceist boird agus comórtais fhocail éagsúla.

**Leanúnachas**

Go hiondúil freastalaíonn páistí ar an gcampa ar feadh roinnt blianta i ndiaidh a chéile, cuid acu ag filleadh ar an gcampa thar thréimhse ceithre/ cúig bliana. Cuireann an leanúnachas seo go mór leis an gcampa agus le húinéireacht na bpáistí ar an gcampa. Ciallaíonn sé freisin go mbíonn dea-shampla na bpáistí is sinne ar an gcampa ag dul i bhfeidhm ar na páistí is óige, agus in imeacht na mblianta go leantar leis an timthriall seo. Baineann leanúnachas idirghlúine leis an gcampa freisin. Go deimhin is iomaí páiste a d'fhreastail ar an gcampa samhraidh sna luathbhlianta agus go raibh a gcuid páistí féin ag freastal ar an gcampa blianta ina dhiaidh sin. Is amhlaidh an scéal le foireann mhúinteoirí agus cúntóirí an campa, is iomaí duine acu a d'fhreastal ar an gcampa iad féin.

**Córas cúntóirí**

Le linn na mblianta forbraíodh córas cúntóirí, rud a chur go mór le feidhmiú an champa. Oibríonn na cúntóirí i gcomhar lena múinteoirí ag cabhrú le heagrú cluichí, na sraitheanna spóirt agus cúrsaí riaracháin go ginearálta. Rinneadh forbairt bhreise ar an gcóras seo i 2017 le scéim cúntóirí óga á fhorbairt agus beidh ról faoi leith acu seo le spreagadh na Gaeilge ar an gcampa.



**Polasaí Gaeilge**

Reachtaítear Campa Samhraidh Mhaigh Cuilinn go hiomlán trí Ghaeilge ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn sa cheantar. Is riail dhocht é riail na Gaeilge agus mínítear é sin do na daltaí ag tús agus i rith an champa uilig. Baintear leas as gníomhaíochtaí iomlán an campa chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus lena cinntiú go gcuirtear le stór focail agus le cumas na bpáistí. Tugtar spreagadh do na páistí maidir le labhairt na teanga agus tá ról lárnach ag úsáid na Gaeilge i roghnú na mbuaiteoirí don chomórtas Réaltaí, Dhalta an Champa agus Dalta Óg an Champa. Is gradaim iad seo a bhfuil ard-mheas ag na páistí orthu agus atá ina dhlúthchuid den champa. Baintear leas as an drámaíocht chun na páistí a spreagadh agus bíonn gach dalta ar an gcampa páirteach sa cheolchoirm do na tuismitheoirí ag deireadh an champa. Baintear leas freisin as córas cúntóirí agus, de bharr go bhfilleann páistí ar an gcampa bliain i ndiaidh bliana, tugtar ról do na páistí is sine ar an gcampa chun dea-shampla a léiriú do na páistí is óige.

**Polasaí Smachta**

Tá sé mar sprioc go mbainfidh gach páiste a fhreastalaíonn ar an gcampa taitneamh as an tréimhse a chaitheann siad ann, go gcuirfear lena bhforbairt pearsanta agus ar ndóigh go gcuirfear lena gcumas teanga. Ní féidir é seo a dhéanamh má bhíonn easpa smachta ar an gcampa nó má bhíonn cur isteach ar bhealach ar bith ar pháistí an champa. Chuige sin, tá polasaí smachta i bhfeidhm ag an gcampa agus ní ghlactar le mí-iompar de shaghas ar bith agus d'éilítear leis ar an bpointe. Caithfear a rá áfach gur fíorbheagán fadhbanna a thagann chun cinn.

**Méadú ar uimhreacha an Champa**

Le 10 mbliain anuas tá an t-éileamh ar an gcampa ag fás as éadain agus ní bhítear in ann glacadh le gach páiste a bhíonn ag iarraidh clárú. Tá an fás seo tarlaithe in ainneoin nach bhfuil aon phoiblíocht fhoirmiúil déanta faoin gcampa le 6 bliain anuas. Bíonn ráta athchlárúcháin an-ard i gceist agus cláraíonn páistí eile bunaithe ar an aiseolas dearfach sa phobal faoin gcampa. Tagann páistí chun cinn freisin ón gCampa Spraoi a eagraíonn Conradh na Gaeilge do pháistí san aoisghrúpa 5-8 bliana d'aois. Chun déileáil leis an éileamh breise seo, tá ardú tagtha ar an líon páistí a ghlactar leis ar an gcampa le blianta beaga anuas, cé go bhfuiltear thar a bheith aireach gan cur isteach ar spiorad an champa féin. Sa bhliain 2016 eagraíodh an dara champa samhraidh agus d'éirigh go maith leis, ach i ndiaidh don choiste athmheastóireacht a dhéanamh air beartaíodh gan ach campa amháin a eagrú i 2017 agus glacadh le líon níos mó páistí.

**Córas cigireachta**

Nuair a bunaíodh an campa i dtús bhí teagmháil déanta le Roinn na Gaeltachta agus leis an Roinn Oideachais maidir le córas aitheantais agus córas cigireachta. Ós rud é gur campa lae a bhí i gceist, ní raibh scéim faoi leith acu chun déileáil le campa Mhaigh Cuilinn. Nuair a bunaíodh Scéim na gCampaí Samhraidh, scéim tacaíochta a bhí á fheidhmiú i dtús báire ag Roinn na Gaeltachta, cláraíodh faoin scéim, rud a chiallaigh go raibh cigireacht sheachtrach bhliantúil á dhéanamh ar an gcampa. Sa bhliain 2015 thug Roinn na Gaeltachta an scéim ar lámh d'Údarás na Gaeltachta agus bhronn an tÚdarás cúram feidhme na scéime ar an eagraíocht Muintearas. Tá coiste an Champa ag plé le Muintearas ó shin.

**Tacaíocht mhaoinithe**

Le teacht Scéim na gCampaí Samhraidh bhí tacaíocht mhaoinithe seachtrach ag an gcampa agus ní raibh sé taobh le táillí na bpáistí agus maoiniú Chonradh na Gaeilge amháin. Chuir an maoiniú seo go mór le caighdeán agus éifeacht an champa. Faoin scéim, bhí tacaíocht meaitseála á chur ar fáil de réir líon na bpáistí a bhí ag freastal ar an gcampa. Sa bhliain 2011 áfach chinn Roinn na Gaeltachta nach raibh éifeacht le campaí le breis agus 50 páiste agus chinn siad gan maoiniú a chur ar fáil do níos mó ná 50 páiste ar aon champa. Ní mór a chur ar an taifead go ndearna an Roinn an cinneadh seo gan taighde eolaíoch a dhéanamh, nó go deimhin gan teagmháil a dhéanamh lena campaí a bhí á reáchtáil fud fad na Gaeltachta. Cuireadh cás ós comhar na Roinne sa bhliain 2011 agus d'aontaigh siad maoiniú a chur ar fáil bunaithe ar an líon iomlán páistí. Tharla an scéal céanna sa bhliain 2012 & 2013 ach sa bhliain ina dhiaidh sin, 2014, dhiúltaigh siad maoiniú breise a chur ar fáil agus ó shin i leith tá an campa taobh leis an leibhéal maoinithe laghdaithe seo.

In ainneoin chinneadh na Roinne agus an gearradh siar tubaisteach seo, de bharr na héifeachta a bhain leis an gcampa, éifeacht a bhí bunaithe cuid mhaith ar líon ard páistí a bheith ag freastal ar an gcampa, chinn Conradh na Gaeilge gan gearradh siar a dhéanamh ar an líon páistí. Ciallaíonn sé seo áfach go bhfuil impleachtaí tromchúiseacha ann maidir le feidhmiú an champa, go háirithe de réir mar a mhéadaítear ar an éileamh.




# Cuid 1 Taighde cainníochtúil

**Próifíl na páistí a fhreastalaíonn ar an gCampa Samhradh**

Freagraíodh ceistneoir ar son 56 (58.8%) páiste ar an gcampa. Is cailíní a bhí i 44% den sampla seo. Bhí 14% os cionn 13 bliana d'aois, bhí 57% idir 11 agus 12 bliana d'aois, agus bhí 29% 10 mbliana d'aois, nó níos óige. Rugadh 93% in Éirinn, 5% lasmuigh den Eoraip agus 2% i Sasana. I dtaobh na scoile, bhí 69% ag freastal ar scoil trí Bhéarla sa Ghaeltacht agus 20% ar scoil trí Bhéarla lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí 7% ag freastal ar scoil Ghaeltachta le Gaeilge agus 4% ag freastal ar Ghaelscoil lasmuigh den Ghaeltacht.

Cuireadh ceist ar na tuismitheoirí faoi aois na bpáistí nuair a thosaigh na páistí ag cloisteáil Gaeilge don chéad uair. Bhí meascán leathan agus réasúnta cothrom i measc na bhfreagraí:




**Figiúr 1:** Aois ar a thosaigh na páistí ag cloisteáil Gaeilge don chéad uair

Iarradh ar na tuismitheoirí cén céatadán den am a chaith na páistí ag cloisteáil Gaeilge ag an aois seo, agus tá sé soiléir ó Bhord 1 gur beagán Gaeilge a bhí á chloisteáil ag na páistí, is cuma cén aois a thosaigh siad á gcloisteáil. Níor chuala aon pháiste níos mó Gaeilge ná Béarla agus ní raibh sa sampla ach páiste amháin a bhí ag cloisteáil Gaeilge leath dá c(h)uid ama.

**Bord 1:** An méid ama a bhí á caitheamh ag an bpáiste ag cloisteáil le Gaeilge sula ndeachaigh siad ar scoil

| | 0 – 20% | 21 – 40% | 41 – 60% | 61 – 80% | 81 – 100% |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gaeilge** | 41 | 7 | 1 | 0 | 0 |

Déanadh iniúchadh ar ché lenar labhair an páiste Gaeilge. Agus iad ag labhairt leis an bpríomhfheighlí (an mháthair i gcás 82%), labhair an páiste Gaeilge 0-20% den am i gcás 82% don sampla. Labhair 15% Gaeilge leis an bpríomhfheighlí 21-40% den am agus ní raibh ach páiste amháin a labhair Gaeilge leis an bpríomhfheighlí 80-100% den am. Is Béarla an teanga eile a labhair na páistí leis an bpríomhfheighlí, seachas i gcás beirt, a labhair teanga eile nach í an Ghaeilge nó Béarla. Leis an bhfeighlí eile (an t-athair i gcás 63%), labhair an páiste Gaeilge 0-20% den am i gcás 91% don sampla. Labhair 6% Gaeilge leis an bpríomhfheighlí 21-40% den am agus níor labhair an páiste Gaeilge leis an bhfeighlí eile 80-100% den am i gcás ar bith. Tá sé soiléir nach labhraíonn na tuismitheoirí a d'fhreagair an ceistneoir Gaeilge go minic lena bpáiste, ach go labhraíonn an phríomhfheighlí níos mó Gaeilge leis an bpáiste ná mar a labhraíonn an feighlí eile, agus is toradh dearfach é seo ó thaobh an méid ama a chaitheann an páiste ag labhairt Gaeilge.



Mar aon le húsáid teanga leis na feighlithe, rinneadh iniúchadh ar úsáid teanga na bpáistí le siblíní agus lena gcairde. Labhair na páistí Gaeilge lena siblíní 0-20% den am i gcás gach páiste seachas duine amháin, a labhair Gaeilge lena siblíní 21-40% den am. Is an patrún díreach céanna a bhí ann i dtaobh úsáid teanga le cairde. Tugann na freagraí seo le fios go bhfuil líon beag tuismitheoirí páistí ar an gCampa Samhradh ag labhairt Gaeilge lena bpáistí ach gur beag Gaeilge ar chor ar bith atá á n-úsáid ag na páistí lena gcairde agus i measc páistí eile. Mar sin, is foinse shuntasach Gaeilge í an Campa, go háirithe i rith na laethanta saoire scoile.

**Tuairimí tuismitheoirí faoin gCampa Samhradh**

Sa sliocht seo a leanas, tabharfar tuairisc ar fhreagraí na tuismitheoirí agus na páistí i dtaobh ceisteanna a bhain lena dtuairimí i dtaobh láidreachtaí agus laigí an champa. Ar dtús, iarradh ar na tuismitheoirí cén fáth ar shocraigh siad a p(h)áiste a chur chuig an champa. Tugadh an rogha dóibh níos mó ná cúis amháin a luadh. Seo a leanas na freagraí a thug siad, chomh maith leis an líon daoine a roghnaigh an freagra sin ó liosta roghanna:

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Ghaeilge | **56** | An praghas | **36** |
| Na himeachtaí spóirt | **48** | Cur chuige an campa | **34** |
| An suíomh | **43** | Na múinteoirí & cúntóirí | **24** |
| An t-am den bhliain | **41** | Na himeachtaí eile | **23** |
| Fad an champa (2.5 seachtain) | **38** | Ceangail le Conradh na Gaeilge | **21** |
| An deis freastal ar an gcampa go leanúnach ar feadh cúpla bliain | | | **36** |

Eile (6), mar shampla: *"Heard it was brilliant from other parents" (2)*

D'aontaigh gach tuismitheoir go mbaineann a p(h)áiste taitneamh as an gCampa. Nuair a cuireadh an cheist chéanna ar na páistí, d'aontaigh gach páiste seachas beirt go mbaineann siad taitneamh as an gcampa (dúirt páiste amháin nach raibh a fhios acu agus dúirt duine amháin nach mbaineann siad taitneamh as). Thug na tuismitheoirí agus na páistí na cúiseanna seo a leanas mar mhíniú ar a t(h)uairim:

**Bord 2:** Na cúiseanna a mbaineann na páistí taitneamh as an gcampa dár leis na tuismitheoirí agus na páistí

| | **Tuismitheoir** | **Páiste** |
|---|---|---|
| **1. Imeachtaí** | **21** | **32** |
| *"Opportunity to mix with friends. All the sporting activities." Tuismitheoir* | | |
| **2. Gaeilge** | **14** | **14** |
| *"When started 4 years, Child's Name didn't like/ enjoy Irish. The camp totally changed his perspective on the Irish language. He now gets an average A in exams. So he likes the camp for the Irish and for the activities." Tuismitheoir* | | |
| *"Is maith liom an Ghaeilge, an spórt, tráth na gceist, agus gach rud!" Páiste* | | |
| **3. Sásta ar an gCampa** | **9** | **4** |
| *"He wakes up every morning looking forward to the day and never wants to miss it." Tuismitheoir* | | |
| *"Learning something new, making new friends and good fun." Páiste* | | |
| **4. Casadh le cairde** | **9** | **23** |
| *"Enjoys the sports. Familiarity with school and pupils from his classes." Tuismitheoir* | | |
| **5. Meascadh le cairde nua** | **5** | **7** |
| *"Meeting children of all ages different schools." Tuismitheoir* | | |
| *"Learning to speak Irish, the craic, the sport, the new friends we make, the teachers are funny!!! It's class." Páiste* | | |


Iarradh ar na tuismitheoirí agus ar na páistí an raibh aon rud go n-athróidís faoin gcampa agus thug siad na freagraí seo a leanas:

**Bord 3:** Na rudaí a n-athródh na tuismitheoirí agus na páistí ar an gcampa

| | Tuismitheoir | Páiste |
|---|---|---|
| **1. Tada** | **35** | **33** |
| *"No continue the brilliant work." Tuismitheoir* | | |
| **2. Níos mó Gaeilge** | **6** | **2** |
| *"They could do a little more formal Irish in classroom more handouts." Tuismitheoir*<br>*"We have always been very happy with the level of activities of the camp. We'd like to hear our children speak more Irish but realise our school and ourselves could do more!" Tuismitheoir*<br>*"More Irish speaking time." Páiste* | | |
| **3. Am a thosaíonn an campa** | **4** | **0** |
| *" Would make it from 9.30-3pm." Tuismitheoir* | | |
| **4. Fad an champa** | **0** | **3** |
| *"Would like if it was longer" Páiste* | | |
| **5. Níos mó feitheoireacht** | **3** | **0** |
| *"Unsupervised shopping time at shopping centre after group tour. Love the group tour but not the unsupervised shopping time." Tuismitheoir* | | |
| **6. Imeachtaí difriúla** | **3** | **10** |
| *"Little more class time and more drama." Tuismitheoir*<br>*"As he approaches 14 I felt this year he was less inclined to the drama/ play on the last night." Tuismitheoir*<br>*"Change badminton to a different sport!" Páiste* | | |
| **7. Soláistí** | **1** | **1** |
| *"Gan milseáin a thabhairt mar dhuais do labhairt na Gaeilge agus gan siopa ar an gcampa." Tuismitheoir*<br>*"More variety in the shop" Páiste* | | |
| **8. Bainistíocht** | **1** | **0** |
| *"Allocation of spaces/ waiting list. It would be nice to have a clear set of rules." Tuismitheoir* | | |
| **9. Na rialacha** | **0** | **2** |
| *"If you don't speak Irish you lose points - could think it's unfair." Páiste*<br>*"Make rules for Olympic handball better." Páiste* | | |

**Éifeacht an Champa Samhraidh ar mheon na páistí agus a dtuismitheoirí i dtaobh na Gaeilge**

Iarradh ar na tuismitheoirí agus ar na páistí an raibh éifeacht ag an gCampa Samhraidh ar a mheon i dtaobh na Gaeilge. Bhí na freagraí dearfach don chuid is mó, agus léiríonn siad go bhfuil éifeacht dhearfach shuntasach nó measartha ag an gcampa ar an gcuid is mó de na páistí a fhreastalaíonn ar an gcampa agus ar a dtuismitheoirí.




**Figiúr 2:** Éifeacht an Campa Samhradh ar mheon tuismitheora agus na bpáistí i leith na Gaeilge

Tugadh cuireadh do na tuismitheoirí agus do na páistí freagra níos doimhne a thabhairt ar an gceist seo agus mhínigh siad an chúis gur athraigh an campa a mheon agus a iompar i leith na Gaeilge. Luaigh líon mór tuismitheora (10) go bhfuil níos mó Gaeilge á úsáid ag an bpáiste mar gheall gur fhreastal siad ar an gcampa, mar shampla *"he feels he's thinking more in Irish"* agus *"using Irish more around house/ car journeys"*. D'fhreagair siad go raibh éifeacht ag an gcampa ar mheon a p(h)áiste go ginearálta mar gheall ar chur chuige an champa, mar shampla *"children learning without considering at "work" and subconsciously thinking and speaking in Irish"* agus *"4 years ago he didn't like Irish and didn't want to start the camp. He came home on day 1 and said it was the best camp ever and it totally changed his attitude towards Irish"*. Luaigh na páistí go raibh éifeacht ag an gcampa ar a mheon i dtaobh na Gaeilge mar go raibh siad anois níos muiníní i dtaobh labhairt na Gaeilge agus luaigh líon mór páistí (9) go raibh siad níos sásta í a labhairt agus a fhoghlaim. Ar an ábhar seo, luaigh na tuismitheoirí agus na páistí go raibh dea-éifeacht ag an gcampa ar a c(h)uid oideachas go ginearálta agus a c(h)umas ar scoil, mar shampla dúirt tuismitheoir *"My children will attend all-Irish secondary school so this helps with their Irish."* agus dúirt páiste *"It makes me better at Irish in school."*

Le níos mó iniúchadh a dhéanamh ar éifeacht an champa ar iompar na tuismitheoirí agus na páistí i dtaobh na Gaeilge, iarradh orthu an athróidís a gcuid iompar sna bealaí seo a leanas:

**Bord 3:** Athrú iompar mar gheall ar an gcampa

| | Tuismitheoir | | Páiste | |
|---|---|---|---|---|
| | Athródh | Ní athródh | Athródh | Ní athródh |
| An Campa Samhradh a mholadh do do chairde | 54 | 2 | 49 | 1 |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar an gCampa Samhradh arís | 54 | 1 | 47 | 2 |
| Tacú le caiteachas ar imeachtaí agus seirbhísí Gaeilge | 50 | 3 | 38 | 8 |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar choláiste Gaeltachta | 49 | 4 | 36 | 9 |
| Do scoil reatha a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid | 43 | 7 | 34 | 13 |
| Tacú le soláthar cearta teanga Gaeilge | 43 | 9 | 34 | 14 |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar chlub óige Gaeilge eile | 40 | 10 | 35 | 14 |
| Níos mó Gaeilge a úsáid le do chlann | 38 | 13 | 36 | 13 |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar chlub óige Ógras | 38 | 11 | 30 | 13 |
| Níos mó Gaeilge a úsáid le do chairde | 30 | 21 | 28 | 19 |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar Ghaelcholáiste | 15 | 36 | 14 | 34 |

Tugann na torthaí seo le fios go ndeachaigh an campa go mór i bhfeidhm ar mhothúcháin na rannpháirtithe agus ar a mbáúlacht i dtaobh na Gaeilge. Léiríonn an líon rannpháirtithe a mholfadh an campa dá chairde agus a bhfilleadh ar an gcampa go dtaitníonn an campa go mór leo agus go dtaitníonn an Ghaeilge leo dá bharr. Léiríonn an líon rannpháirtithe a dúirt go dtacaíodh siad le caiteachas ar imeachtaí agus seirbhísí Gaeilge, chomh maith lena scoil reatha a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid, go dtacaíonn siad leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna níos leithne ná an teaghlach amháin. Léiríonn na tuismitheoirí é seo freisin toisc gur aontaigh líon mór acu le tacú le soláthar cearta teanga Gaeilge.

Cé go raibh dea-éifeacht ag an gcampa ar mheon agus mothúcháin na rannpháirtithe, tá sé níos deacra iompar daoine a athrú. Feictear é seo sa líon níos lú rannpháirtithe a d'aontaigh go mbeadh siad sásta níos mó Ghaeilge a úsáid sa bhaile, lena gcairde nó i gclubanna óige Gaeilge eile, nó go clárú le Ógras. Caithfear níos mó ná meon amháin a thógáil san áireamh anseo, ina measc cumas cairde agus baill chlainne eile Gaeilge a labhairt, costas clubanna óige eile, am saor agus na himeachtaí spórt, ceol, drámaíochta, srl., a nglacann na rannpháirtithe páirt ann. Tá sé suimiúil gur aontaigh líon mór tuismitheoirí go gcuiridís a p(h)áiste chuig coláiste Gaeltachta, rud a léiríonn go raibh siad sásta leanúint le nós béim láidir a chur ar an nGaeilge i rith na laethanta saoire samhradh. Is cosúil gur éirigh leis an gcampa iompar na rannpháirtithe a athrú sa chaoi seo.

Ní raibh éifeacht shuntasach ag freastal ar an gCampa Samhradh ar an líon tuismitheoirí agus páistí a mbeadh spéis acu freastal ar Ghaelcholáiste. Caithfear a thógáil san áireamh anseo an líon mór gnéithe a dtógann tuismitheoirí san áireamh agus iad ag roghnú meánscoil dá p(h)áiste, mar shampla an suíomh, an líon páistí sa scoil, an saghas scoile, na hábhair a chuirtear ar fáil sa scoil, an bhéim a chuirtear ar an spórt, an ethos reiligiúnach, agus rogha scoile cairde a p(h)áiste. Mar sin ní haon ionadh go ndeachaigh an campa i bhfeidhm ar rogha scoile líon measartha beag tuismitheoirí.

# Cuid 2 Taighde cáilíochtúil

**Taitneamh agus tairbhe**

Cuireadh gach baill de fhoireann an champa i 2016 faoi agallamh agus seo a leannas achoimre na freagraí. D'aontaigh gach duine go mbaineann na páistí taitneamh as an gcampa, agus d'aontaigh gach duine go mbaineann siad tairbhe as freisin. Luaigh beirt go bhfeictear dóibh go mbaineann na páistí taitneamh as an gcampa mar go bhfilleann siad bliain i ndiaidh bliana. Luadh an Ghaeilge agus an comhluadar leis na páistí mar an dá chúis is suntasaí a mbaineann an fhoireann taitneamh as an gcampa:

> *"is breá liom an Ghaeilge so go mór mór nuair a fheiceann tú páistí ag teacht isteach nach bhfuil mórán acu and ag teacht ar ais bliain i ndiaidh céile"*

> *"Ceapaim féin go bhfuil sé i bhfad níos éasca agus i bhfad níos deise an dara huair mar go bhfuil aithne níos fearr agam ar na páistí"*

I dtaobh tairbhe a bhaint as an gcampa, luadh cúpla tairbhe a bhaineann páistí as. Luaigh seisear an tairbhe a bhaineann siad as i dtaobh na Gaeilge de:

> *"ceangail dearfach leis an nGaeilge agus go dtugann sé misneach dhosán, go mór mór ó thaobh an spóirt, agus an téarmaíocht cheart a bheith acu agus iad ag screadaíl ar a chéile."*

Luaigh cúigear an tairbhe a bhaineann siad as casadh le seanchairde agus cairde nua:

> *"tagann siad b'fhéidir ó scoileanna difriúla agus go gcuireann siad aithne ar pháistí eile nach mbeadh aithne acu orthu go hiondúil."*

Luaigh ceathrar an tairbhe a bhaineann siad as spórt agus an nasc idir an spórt agus an Ghaeilge:

> *"An nasc idir spraoi agus spórt agus craic a bheith acu leis an nGaeilge in áit a bheith istigh ansin ag léamh leabhar nach bhfuil aon suim agat ann"*

Ar deireadh, luaigh duine nó dhó meascán cúiseanna eile, ina measc an meon dearfach a mbíonn ag na daoine ar an gcampa, nach bhfuil an campa cosúil leis an scoil, agus an dráma.

**Láidreachtaí**

Nuair a pléadh láidreachtaí an champa, luadh réimse leathan láidreachtaí. Luaigh cúigear ról lárnach na Gaeilge sa champa mar an phríomhláidreacht:

> *"Feabhsú na Gaeilge, feabhas a chur ar an nGaeilge, sin an t-aon fáth go mbíonn siad anseo."*

> *"Agus tá Gaeilge ón teach, Gaeilge ón mbaile ag gach duine againn so tugann sé sin grá, you know tá an grá don teanga againn, so tuigeann siad é sin, feiceann na páistí é sin."*

Thaispeáin an dara fhreagra go bhfuil polasaí Gaeilge an champa lárnach, ach go bhfuil Gaeilge na foirne tábhachtach freisin. Tá nasc idir an tuairim seo agus tuairim a luaigh ceathrar eile, sé sin gur láidreacht é gur de bhunú na háite iad a lán den fhoireann agus na páistí a bhfreastalaíonn ar an gcampa. Luadh an aithne atá ag daoine ar a chéile agus ar Mhaigh Cuilinn mar láidreacht an champa le nasc a chruthú idir na páistí agus leis an gceantar. Nasctha leis an bpointe seo freisin tá tuairim chúigear den seachtar ar a gcuireadh agallamh orthu gur láidreacht é an leanúnachas ó bhliain go bliain, i dtéarmaí na páistí a bhfreastalaíonn ar an gcampa, chomh maith leis an gcumas atá ag tuismitheoirí páistí a sheoladh ar an gcampa le 5-6 bliain as a chéile agus níos mó nó ball

amháin den chlann chéanna a sheoladh ar an gcampa. Luaigh duine amháin gur an buntáiste a bhain le seo ná:

> *"go dtagann na páistí ar ais bliain i ndiaidh bliana agus bíonn tú in ann cineálaín an dream nua a spreagadh níos éascaí nuair atá daoine ann a thuigeann an cúrsa"*

Cuireann sé seo ina luí go gcreideann baill den fhoireann go gcuireann na páistí féin leis an gcampa bliain i ndiaidh bliana agus gur é seo ceann de phríomhláidreachtaí an champa.

Luaigh an bheirt is sinsearaí a cuireadh agallamh orthu gur láidreacht mhór a bhí san fhoireann, rud a chuireann ina luí go bhfeiceann siad go bhfuil ról lárnach ag an bhfoireann agus cumas na foirne i rath an champa, agus go bhfuil muinín acu i gcumas fhoireann an champa.

Luaigh ceathrar an praghas íseal ar an gcampa mar láidreacht:

> *"Níl sé ach céad, céad agus a deich le haghaidh coicís go leath, tá sé an-saor ar fad óna bheith ag labhairt le tuismitheoirí tá sé just iontach dhosán."*

Luaigh duine nó beirt réimse leathan láidreachtaí eile. Luadh na háiseanna breátha atá ag an gcampa:

> *"Agus ó thaobh na háiseanna atá againn, tá dhá ionad i ndáiríre againn, tá an pháirc, cúirt cispheile agus halla agus rudaí mar sin so tá an t-ádh orainn go bhfuil an scoil ar fáil dúinn."*

Luadh meon na foirne agus na páistí, agus an meas atá ag an bhfoireann agus na páistí ar a chéile:

> *"Ceapaim go bhfuil béim ar iad a mholadh agus go bhfuil meas acu dhá chéile agus go bhfuil meas ag na múinteoirí oraibh agus go dtuigeann siad go bhfuil caighdeán difriúil, leibhéal difriúil Gaeilge acu."*

> *"feiceann, feiceann siad é sin, na daltaí nach bhfuil, you know go bhfuil nua ar an gcampa, feiceann siad an saghas meon deas oscailte agus bíonn na daoine sásta tacú leis sin agus mar sin de"*

Chomh maith leis an meon dearfach, luaigh duine amháin an mhuinín a spreagann an campa sna páistí iontu féin agus go mbíonn sé níos éasca orthu foghlaim agus iad sásta ar an gcampa:

> *"Faigheann siad muiníneach and tosaíonn siad ansin an dara sheachtain, feiceann tú go bhfuil siad in ann comhrá a dhéanamh, but tagann sé go nádúrtha"*

Ar deireadh luaigh beirt an láidreacht a dtagann as an nasc idir an campa agus Ógras, agus go bhfeiceann na múinteoirí an éifeacht dhearfach a mbíonn ag freastal ar Ógras ar na páistí sin agus iad ag freastal ar an gcampa:

> *"So is an cheangail idir sin agus Ógras agus Áras na nGael, go n-oibríonn sé sin go maith le céile ó thaobh Maigh Cuilinn go ginearálta agus go bhfuil aithne ag gach duine ar sin"*

Chomh maith le buntáistí an nasc sin, luaigh beirt an buntáiste a bhaineann le nasc láidir a bheith idir an campa agus na tuismitheoirí:

> *"An mhuinín atá ag tuismitheoirí sa champa agus an dul chun cinn a fheiceann siad ina bpáistí féin."*

Ar deireadh, luadh an cheolchoirm, fad an champa agus deiseanna nascann a dhéanamh le cairde nua mar láidreachtaí an champa.

**Laigí**

Pléadh laigí an champa, cé gur luadh níos mó láidreachtaí ná laigí. An laige is minice a luadh ná an brú a chuireann an Béarla ar an aidhm campa lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm:

> *"Tá siad cleachtaithe ar an mBéarla a úsáid agus tá sé cinéalaín deacair é sin a athrú, filleann siad ar ais ar an mBéarla ar gurb é an teanga cinéalaín nádúrtha dóibh le húsáid."*

Pléadh na deacrachtaí a bhí ann aird na bpáistí a choinneáil ar an nGaeilge agus nach minic go raibh páistí i dtaithí ar an nós seo, go háirithe na páistí a bhí ag freastal ar an scoil ina mbíonn an campa ar siúl agus iad i dtaithí ar Bhéarla a labhairt sa suíomh sin. Chuir sé seo brú ar an bhfoireann smacht a choinneáil ar an ngné seo den champa. Nasc roinnt baill foirne an brú seo leis an laige eile ar an gcampa, sé sin an dúshlán a chruthaigh pleidhcíocht ar an gcampa:

> *"Amanna le daoine a bhfuil cumas Gaeilge mhaith acu, saghas mar gheall go bhfuil Gaeilge mhaith acu bíonn siad ag pleidhcíocht."*

A fhad agus iad ag plé na pleidhcíochta seo, is minic a luaigh an fhoireann gur na páistí is líofa a bhí i mbun na pleidhcíochta, mar gheall go raibh sé deacair smacht a choinneáil orthu agus múinteoirí ag iarraidh na páistí eile a mhúineadh, gur mhothaigh na páistí líofa níos muiníní i measc na bpáistí eile, nó go raibh sé de chumas acu an phleidhcíocht seo a dhéanamh trí Ghaeilge agus mar sin ní raibh siad ag briseadh an riail nach raibh cead Béarla a labhairt. Cé nár luadh an dá rud le céile, tá seans maith ann go raibh nasc idir an phleidhcíocht seo agus an réimse aoise chomh maith, rud a luaigh duine amháin mar laige a bhain leis an gcampa:

> *"Tá difríocht mhór idir páistí atá naoi mbliana d'aois agus páiste atá sa mheánscoil, fiú just sa chéad bhliain, so just ag triail, fiú spórt a dhéanamh leo"*

agus leis an líon páistí sna ranganna:

> *"Tá sé deacair na ranganna a dhéanamh leis an méid sin daoine sna ranganna."*

De réir dealraimh, chuir na cúiseanna seo uilig leis na dúshláin a bhfeictear go mbaineann leis an gcampa de réir na foirne. Ar deireadh, luaigh duine na háiseanna agus an gá le níos mó spáis. Luaigh duine amháin an dúshlán ó thaobh go raibh an réimse imeachtaí ag brath ar chúrsaí aimsire.

**Athruithe**

Iarradh ar an bhfoireann an raibh aon rud go n-athraídís faoin gcampa. Luadh an méid páistí ar an gcampa mar an phríomhrud go n-athródh triúr den fhoireann. Bhí siad uilig den tuairim go raibh an líon páistí sna ranganna tar éis ardú go pointe dúshlánach:

> *"b'fhéidir go mbeadh muid in ann díriú ar na páistí atá an-chiúin, go mór mór ag tús an champa nuair nach bhfuil aithne acu ar dhaoine eile"*

Mhol beirt an campa a scaradh ina dhá champa; campa do pháistí níos sine agus campa eile do pháistí níos óige, cé go mbeadh dúshlán anseo freisin don fhoireann agus do chlainne, agus go gcaillfear an caidreamh dearfach idir na páistí níos sine agus na páistí níos óige:

> *"An fhadhb a fheicimse ná go dtagann b'fhéidir beirt nó triúr páiste ó chlann amháin anseo ag an am céanna but I think b'fhéidir go bhféadfá an campa a rith ag an am céanna taobh istigh don ionad céanna ach bheadh ort clár ama ceart a bheith agat"*

Luaigh beirt arís go raibh an praghas an-íseal agus go bhféadfaí machnamh a dhéanamh faoin bpraghas a ardú. Mhol duine amháin athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr an drámaíocht.

## Achoimre

Freagraíodh ceistneoir ar son 56 (58.8%) páiste ar an gcampa. I dtús báire, i dtaobh úsáid na Gaeilge i measc na bpáistí a fhreastalaíonn ar an gCampa Samhradh agus a dtuismitheoirí, thug na freagraí le fios go bhfuil líon beag tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge lena bpáistí sa bhaile. Is beagán Gaeilge a bhí á chloisteáil ag na páistí, is cuma cén aois a thosaigh siad á gcloisteáil. Níor chuala aon pháiste níos mó Gaeilge ná Béarla agus ní raibh sa sampla ach páiste a amháin a bhí ag cloisteáil Gaeilge leath dá chuid ama. Mar sin, is foinse shuntasach Gaeilge é an Campa, go háirithe i rith na laethanta saoire scoile.

D’aontaigh na páistí a fhreastalaíonn ar an gCampa Samhradh, a dtuismitheoirí, an fhoireann mhúinteoireachta agus bainistíochta go mbaineann siad taitneamh agus tairbhe as an gcampa, agus go bhfuil beagán ann go n-athraídís. D’aithin siad gurb í an Ghaeilge ceann de phríomhthréithe an Champa Samhradh agus ceann de láidreachtaí an champa. D’aithin siad gur príomhláidireacht eile an champa ná an réimse leathan imeachtaí, spórt agus drámaíocht ina measc. Cuireadh béim láidir ar chur chuige an champa chomh maith. Luaigh na tuismitheoirí go mbíonn na páistí sásta agus iad ag freastal ar an gcampa. Chuir sonas na bpáistí le sonas na foirne, agus mar sin léirigh na páistí agus an fhoireann meas ar a chéile. D’aithin an fhoireann an tábhacht a bhain le nasc a chruthú idir an Ghaeilge, an cairdeas agus an spraoi, agus tá sé soiléir ó fhreagraí na tuismitheoirí agus na páistí go n-éiríonn leo é seo a bhaint amach.

Luaigh an fhoireann na deacrachtaí atá acu aird na bpáistí a choinneáil ar an nGaeilge agus nach minic go mbíonn páistí i dtaithí ar an nós seo. Thaispeáin an bharúil seo an deacracht a mbíonn ag comhphobail mionteangacha, in Éirinn agus thar lear, fás agus forbairt a spreagadh sa mhionteanga nuair atá brú an mhórtheanga le brath i ngach réimse den saol.

Ar deireadh, thug na freagraí i dtaobh éifeacht an champa ar mheon na dtuismitheoirí agus na bpáistí le fios go ndeachaigh an campa go mór i bhfeidhm ar mhothúcháin na rannpháirtithe agus ar a mbáúlacht i dtaobh na Gaeilge. Is toradh suntasach ó thaobh tacaíocht phoiblí d’fheachtais Chonradh na Gaeilge é an líon tuismitheoirí a d’aontaigh le tacú le soláthar cearta teanga Gaeilge agus le cur chun cinn na Gaeilge i gcomhthéacsanna níos leithne ná an teaghlach amháin. Cé nach bhfeictear an bhéim chéanna ar iompar na dtuismitheoirí agus na páistí i dtaobh imeachtaí cosúil le freastal ar chlubanna óige Gaeilge, bhí sé suimiúil gur aontaigh líon mór tuismitheoirí go gcuiridís a p(h)áiste chuig coláiste Ghaeltachta, rud a léiríonn go raibh siad sásta leanúint leis an nós béim láidir a chur ar an nGaeilge i rith na laethanta saoire samhradh. Is cosúil gur éirigh leis an gCampa Samhradh iompar na rannpháirtithe a athrú sa chaoi seo.



## Moltaí

**1.** D'aithin gach páirtí leasmhara gurb í an Ghaeilge príomhthréith an Champa Samhradh agus ceann de láidreachtaí an champa.

**Caithfear lárnacht na Gaeilge sa champa a chosaint agus níor chóir comhghéilleadh a dhéanamh ar an ngné seo.**

**2.** D'aithin gach páirtí leasmhara an tábhacht a bhain le nasc a chruthú idir an Ghaeilge, an cairdeas agus an spraoi.

**Is gá leanúint leis an gcur chuige seo agus an nasc idir an Ghaeilge agus gnáthshaol an pháiste a threisiú.**

**3.** Feictear rian brú an mhórtheanga i bhfreagraí gach páirtí leasmhara.

**Léiríonn na torthaí an tábhacht a bhaineann le réimsí ina n-úsáidtear an mhionteanga a chosaint go láidir.**

**4.** Luadh an aithne atá ag daoine ar a chéile agus ar Mhaigh Cuilinn mar láidreacht an champa le nasc a chruthú idir na páistí agus leis an gceantar. Tá impleachtaí ag naisc mar seo don chomhphobal i gcoitinne, ó thaobh comhtháthú sóisialta, lánpháirtiú sóisialach, sláinte inchinne, rátaí coir, srl.

**Is fiú infheistiú i scéimeanna a gcruthaíonn na naisc seo.**

**5.** Tugann na tuismitheoirí le fios gur éirigh leis an gCampa Samhradh a gcuid iompar agus iompar a gcuid páistí a athrú i roinnt bealaí. Tá sé de chumas ag Conradh na Gaeilge tógáil ar an toradh seo agus forbairt a dhéanamh ar ról na Gaeilge i ngnáthshaol na clainne seo. Tá luach ag baint le campaí samhradh le dul i bhfeidhm ar mheon agus ar iompar daoine óga, chomh maith le daoine fásta, i dtaobh cúrsaí áitiúla agus níos leithne.

**Ba chór na torthaí seo a chur san áireamh agus plean teanga á ullmhú do cheantar phleanála teanga Mhaigh Cuilinn.**

**6.** Léiríonn an taighde go bhfuil an t-éileamh atá ar an gcampa ag cur brú ar struchtúr an champa le gur féidir leis an lucht eagraithe freastal ar an éileamh seo.

**I bhfianaise é seo, agus rath an champa ó thaobh na Gaeilge de trí chéile, moltar do Roinn na Gaeltachta maoiniú a chur ar fáil chun filleadh ar an seanchóras maoinithe, tráth a rinneadh maoiniú meaitseála de réir líon iomlán na bpáistí a d'fhreastal ar an gCampa.**

**7.** ***Moltaí do Mhaigh Cuilinn amháin:***

a. Mhol an fhoireann an campa a scoilteadh ina dhá leath de réir aoisghrúpa.

b. Ní thugann torthaí an taighde seo le tuiscint gur fiú an t-airgead a bhféadfá caitheamh ar bhreis poiblíochta. Tá sé soiléir ón líon tuismitheoirí agus páistí a mholann an campa dá gcairde, chomh maith leis an mbéim a chuireann siad ar an leanúnachas a bhaineann le páistí agus clainne ag freastal ar an gcampa bliain i ndiaidh bliana, gur féidir brath ar mholtaí ó bhéal le go leanfar le rath an campa.



**Aguisín 1: Ceistneoir faoi Champa Samhradh Mhaigh Cuilinn**

**a) Taithí ar Champa Samhradh na bpáistí a fhreastalaíonn air agus ag a dtuismitheoirí**

1. Cé mhéad uair ar fhreastal do pháiste ar an gCampa Samhaidh? ____________ Uair
2. Cén chaoi ar chuala tú trácht ar an gCampa Samhraidh ar dtús?

   ____________________________________________________________________

3. Cén fáth ar shocraigh tú do pháiste a chur chuig an Champa? *(√ an líon a bhaineann)*

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Ghaeilge | ○ | Ceangail le Conradh na Gaeilge | ○ |
| Cur chuige an campa | ○ | An praghas | ○ |
| Na himeachtaí spóirt | ○ | An suíomh | ○ |
| Na himeachtaí eile | ○ | An t-am den bhliain | ○ |
| Na múinteoirí & cúntóirí | ○ | Fad an champa (2.5 seachtain) | ○ |
| An deis freastal ar an gcampa go leanúnach ar feadh cúpla bliain | | | ○ |
| Eile (luaigh le do thoil): | | | |

4. An dóigh leat go mbaineann do pháiste taitneamh as an gCampa?

   Baineann ○ Ní bhaineann ○ Níl a fhios agam ○
   Cén fáth a gceapann tú é sin?

5. **Iarr ar do pháiste más é do thoil é**: An mbaineann tú taitneamh as an gCampa?

   Bainim ○ Ní bhainim ○ Níl a fhios agam ○
   Cén fáth?

6. An bhfuil aon rud a n-athrófá faoin gCampa Samhraidh?

7. **Iarr ar do pháiste más é do thoil é**: An bhfuil aon rud a n-athrófá faoin gCampa Samhraidh?

**b) Éifeacht an Champa Samhraidh ar mheon i dtaobh na Gaeilge ag na páistí a fhreastalaíonn air agus ag a dtuismitheoirí**

8. An raibh éifeacht ag an gCampa Samhraidh ar do mheon i dtaobh na Gaeilge? (√ amháin)

| Éifeacht dhiúltach shuntasach | Éifeacht dhiúltach mheasartha | Gan éifeacht | Éifeacht dhearfach mheasartha | Éifeacht dhearfach shuntasach |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Is féidir leat níos mó a scríobh más mian leat:

| |
|---|
| |

9. **Iarr ar do pháiste más é do thoil é**: An raibh éifeacht ag an gCampa Samhraidh ar céard a cheapann tú faoi Ghaeilge? (√ amháin)

| Ní maith liom Gaeilge i bhfad níos mó | Ní maith liom Gaeilge beagáinín níos mó | Gan éifeacht | Is maith liom Gaeilge beagáinín níos mó | Is maith liom Gaeilge i bhfad níos mó |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Is féidir leat níos mó a rá más mian leat:

| |
|---|
| |

10. Tar éis freastal ar an gCampa, an mbeadh tú agus/ nó do pháiste sásta: *(√ a bhaineann)*

| | Tusa | | Do pháiste | |
|---|---|---|---|---|
| | √ | x | √ | x |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar an gCampa Samhradh arís | | | | |
| An Campa Samhradh a mholadh do do chairde | | | | |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar club óige Ógras | | | | |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar club óige Gaeilge eile | | | | |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar Gaelcholáiste | | | | |
| Do scoil reatha a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid | | | | |
| Do pháiste a chur chuig/ Freastal ar choláiste *Gaeltachta* | | | | |
| Níos mó Gaeilge a úsáid le do chairde | | | | |
| Níos mó Gaeilge a úsáid le do chlann | | | | |
| Tacú le soláthar cearta teanga Gaeilge | | | | |
| Tacú le caiteachas ar imeachtaí agus seirbhísí Gaeilge | | | | |

**Aguisín 2: Ceisteanna don agallamh**

1. An dóigh leat go mbaineann na páistí taitneamh as an gCampa?
2. An dóigh leat go mbaineann na páistí tairbhre as an gCampa?
3. Céard iad láidreachtaí an Campa, i do thuairim?
4. Céard iad laigí an Campa, i do thuairim?
5. An bhfuil aon rud go n-athrófá faoin gCampa?
6. An mbaineann tú taitneamh as an gCampa?
7. An féidir leat aon chúis eile a luadh a cheapann tú a chuireann le rath Campa Samhradh Mhaigh Cuilinn?